# Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána

## 2026-28



PCSA

# Réamhrá

Tá freagracht ar an Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail as feidhmíocht an Gharda Síochána a fhormhaoirsiú agus a mheasúnú. Tá ról  againn freisin maidir le tosaíochtaí a chinneadh don Gharda Síochána i ndáil le seirbhísí póilíneachta a sholáthar do na pobail a bhfreastalaíonn sé orthu.

Leis na Tosaíochtaí Póilíneachta seo, leagtar síos cé na nithe ar cheart don Gharda Síochána an aird is mó a thabhairt orthu chun na seirbhísí póilíneachta a chuirtear ar fáil do phobail a fheabhsú agus chun a sábháilteacht a chinntiú.

Tá trí Thosaíocht socraithe ag an Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail don tréimhse 2026-2028:

**Obair i gComhpháirt chun Freastal ar Riachtanais an Phobail**

**Seirbhís Chomhsheasmhach Thacúil Ardchaighdeáin a Sholáthar**

**Acmhainní Túslíne a Chumasú**

Leagtar seacht bpríomhréimse faoi na Tosaíochtaí sin amach sa doiciméad seo, mar aon leis na torthaí lena léireofaí go ndearnadh na Tosaíochtaí a chur i gcrích go rathúil. Sa ról atá againn maidir le formhaoirseacht agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht, díreoidh an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail ar na Tosaíochtaí, na príomhréimsí agus na torthaí sin sna blianta atá amach romhainn. Déanfaimid athbhreithniú orthu gach bliain freisin chun a chinntiú go mbeidh siad ábhartha agus oiriúnach don fheidhm fós.

## Conas a thángamar ar chinneadh ar na Tosaíochtaí seo

Soláthraíonn an Garda Síochána raon leathan seirbhísí don phobal, agus tá éilimh mhóra ann ar an eagraíocht. Ní féidir le gach rud a bheith ina thosaíocht, áfach, agus socraíodh na Tosaíochtaí seo i gcomhthéacs na nithe seo a leanas:

- Na hacmhainní atá ar fáil don Gharda Síochána faoi láthair – lena n-áirítear comhaltaí agus baill foirne, airgeadas, agus teicneolaíocht, etc.;
- An t-éileamh ollmhór póilíneachta a bheidh ar Éirinn nuair a bheidh Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh aici sa bhliain 2026; agus,
- An timpeallacht eacnamaíoch éiginnte atá ann cheana..

[1] Faoin Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024.

Dá bhrí sin, b'eol don Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail agus na Tosaíochtaí á bhforbairt aige go mbeadh roghanna deacra le déanamh. Bhíomar ag iarraidh, mar sin, cloisteáil go díreach ó phobail agus ó phearsana atá ag obair sa Gharda Síochána chun a fháil amach cé na nithe is mó ar mhaith leo go gcuirfí ar áireamh iad. Chun an méid sin a dhéanamh:

- Reáchtálamar comhairliúchán poiblí ar líne a fuair 3,794 fhreagra;
- Bhuaileamar le breis agus 400 ball foirne ar seirbhís de chuid an Gharda Síochána ar fud gach contae;
- Rinneamar caidreamh le saineolaithe agus le hacadóirí atá ag obair i réimse na póilíneachta agus na sábháilteachta pobail; agus,
- Chuireamar ceithre imeacht réigiúnacha ar siúl chun éisteacht go díreach le thart ar 100 grúpa geallsealbhóirí pobail..

Bhreithníomar an t-aiseolas fairsing ó na himeachtaí caidrimh sin, mar aon le faisnéis a bailíodh ón méid seo a leanas a dhéanamh: tosaíochtaí cosúla ó thíortha eile a bhreithniú; feidhmíocht an Gharda Síochána sna blianta beaga atá imithe thart a athbhreithniú; agus gníomhaíochtaí éagsúla eile a dhéanamh.

Breithníodh an fhaisnéis sin ar fad ina hiomláine chun teacht ar chinneadh ar dhréacht-Tosaíochtaí, a ndeachthas i gcomhairle maidir leo ina dhiaidh sin le Coimisinéir an Gharda Síochána agus le Stiúrthóir na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail.

De bharr an phróisis sin, tá an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail muiníneach go sainaithnítear sna Tosaíochtaí sin na príomhréimsí lena bhfeabhsú chun an méid seo a leanas a chinntiú:

- Go gcuirfear feabhas ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil do phobail sna háiteanna is mó a bhfuil feabhsuithe ag teastáil iontu;
- Go gcuirfear ar chumas phearsana an Gharda Síochána an tseirbhís sin a sholáthar chomh maith agus is féidir leo; agus
- Go mbeidh siad réadúil agus indéanta freisin de réir na n-acmhainní atá ar fáil don Gharda Síochána.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail agus chun súil a choinneáil ar ár gcuid oibre, tabhair cuairt ar www.pcsaireland.ie nó déan teagmháil linn trí ríomhphost ag info@pcsaireland.ie.

# Obair i gComhpháirt chun Freastal ar Riachtanais an Phobail

Dírítear sa Tosaíocht seo ar an raon leathan seirbhísí a sholáthraíonn an Garda Síochána do gach pobal agus ar an dóigh a ndéanann sé caidreamh leo, a dtuigeann sé iad, agus a bhfreagraíonn sé dá gcuid riachtanas. Ceann de na príomhnithe a ndíreofar orthu is ea a chinntiú go mbeidh comhsheasmhacht ann sna seirbhísí póilíneachta agus sna freagairtí a sholáthraítear do gach pobal agus do gach contae.

## Obair i gComhpháirt chun Freastal ar Riachtanais an Phobail

**Príomhréimse:** **Freagairt Éifeachtach Infheicthe**

***Cén Chuma a Bheidh ar Rath?***

Próiseas feabhsaithe le haghaidh glaonna seirbhíse a fháil agus a thriáiseáil agus le haghaidh freagairt dóibh agus iad a réiteach trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Breithniú a dhéanamh ar an gcur chuige i leith glaonna a chuirtear ar stáisiúin áitiúla
- A chinntiú go ndéantar triáiseáil chuí agus/nó réiteach cuí in ionaid glaonna réigiúnacha
- Tuairisciú/caidreamh ar líne a leathnú, i gcás gur cuí.

Íoslíon a bhunú agus a chothabháil maidir le hAonaid Rialta, arb íoslíon é a bheidh éileamhthreoraithe agus lena gcuirfear ar chumas an Gharda Síochána freastal ar riachtanais an phobail. Tá sé sin ag teacht leis an ról lárnach a imríonn Aonaid Rialta i soláthar gach seirbhíse póilíneachta, lena n-áirítear:

- Freagairt d’fhoréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe;
- Rannchuidiú le sábháilteacht ar bhóithre;
- An choireacht a chosc, a imscrúdú agus a bhrath; agus,
- Caidreamh a chinntiú le pobail, agus láithreacht infheicthe iontu a chinntiú.

Acmhainní túslíne a fheabhsú trí Chúltaca an Gharda Síochána a mhéadú. Áirítear leis sin breithniú a dhéanamh ar scileanna Chomhaltaí an Chúltaca a úsáid chun tacú le sainfheidhmeanna.

Tacú le freagairtí póilíneachta túslíne trína chinntiú go mbeidh dóthain acmhainne ag gach rannán chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Fóin, ríomhairí glúine agus teicneolaíocht urghafa eile a scrúdú; agus,
- Na meáin shóisialta a úsáid le haghaidh imscrúduithe agus le haghaidh chosc na coireachta.

**Príomhréimse:** **Comhpháirtíocht**

*Cén Chuma a Bheidh ar Rath?*

Díriú ar phóilíneacht pobail chun an caidreamh leis an bpobal a chothabháil agus a neartú. Áirítear leis sin:

- Sainmhíniú soiléir a bheith ag an nGarda Síochána ar cad is póilíneacht pobail ann, agus straitéis shoiléir a bheith ag an nGarda Síochána lena haghaidh, agus
- Córas a thabhairt isteach le haghaidh raon na n-idirghníomhaíochtaí le pobail agus na saincheisteanna a tharraingíonn siad anuas a thomhas go héifeachtach.

Glactar cur chuige comhsheasmhach i leith obair leis na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla nua agus i leith obair i gcomhar le comhpháirtithe chun feabhas a chur ar chosc na coireachta agus ar an bhfreagairt do shaincheisteanna áitiúla.

Obair i gcomhar le comhpháirtithe chun feabhas a chur ar an bhfreagairt don choireacht a bhaineann le drugaí, agus díriú á leagan ar imeaglú a bhaineann le drugaí agus ar dhúshaothrú leanaí agus daoine óga ag grúpaí coiriúla.

Obair i gcomhar le comhpháirtithe chun dualgais neamhlárnacha a shainaithint agus chun fáil réidh leo chun an t-éileamh ar an nGarda Síochána a laghdú a mhéid a bhaineann le seirbhísí nach dteastaíonn cumhachtaí póilíneachta ná freagairtí póilíneachta ina leith.

# Seirbhís Chomhsheasmhach Thacúil Ardchaighdeáin a Sholáthar

De bhreis ar an díriú atá ag an gcéad Tosaíocht ar an bpobal ina iomláine, tá díriú dlúth ag an Tosaíocht seo ar an tseirbhís don duine aonair. Tá sí bunaithe ar an bhfíric go bhfuil tábhacht ag baint le gach idirghníomhaíocht leis an nGarda Síochána agus tá sí tábhachtach chun a chinntiú go gcaithfí go cóir agus go cuí le gach duine aonair. Go háirithe, leagtar díriú sa Tosaíocht seo ar na daoine sin a bhfuil leochaileacht mhéadaithe acu, bíodh siad ina n-íospartaigh, ina n-amhrastaigh nó ina gciontóirí.

## Seirbhís Chomhsheasmhach Thacúil Ardchaighdeáin a Sholáthar

**Príomhréimse:** **An Chéad Teagmháil**

***Cén Chuma a Bheidh ar Rath?***

Faigheann gach duine a thagann i dteagmháil leis an nGarda Síochána (i ngach stáisiún, i ngach contae, nó ar an bhfón) freagra comhsheasmhach agus seirbhís chomhsheasmhach atá dírithe ar cháilíocht an chaidrimh, ar an gcothroime agus ar chóir chuí. Áirítear leis sin riachtanais bhreise nó tacaíochtaí breise a shainaithint go luath.

Comhaontaítear cur chuige náisiúnta le comhpháirtithe le haghaidh freagairt meabhairshláinte lena socraítear teorainneacha cuí don phóilíneacht agus lena gcinntítear idirghabhálacha leordhóthanacha sláinte, agus cuirtear tús le cur i bhfeidhm an chur chuige.

Sainaithnítear bearnaí, agus déantar obair le comhpháirtithe, chun a chinntiú go mbeidh an bonneagar ceart i bhfeidhm chun na daoine sin a thagann i dteagmháil leis an nGarda Síochána a chumhdach, lena n-áirítear:

- Seomraí coimeádta agus agallaimh atá oiriúnach don fheidhm;
- Cur i bhfeidhm náisiúnta shamhail Barnahus; agus,
- An fháil ar mheasúnacht liachta chuí thráthúil ar íospartaigh, ar amhrastaigh agus ar chiontóirí.

**Príomhréimse:** **Cosaint agus Cumhdach**

***Cén Chuma a Bheidh ar Rath?***

Cuirtear Beartas Íospartach éifeachtach i bhfeidhm, agus cuirtear acmhainní ar fáil do na seirbhísí riachtanacha chun feabhas a chur ar eispéireas na n-íospartach.

Cuirtear an Plean Leanaí chun feidhme go hiomlán chun a chinntiú go dtabharfar seirbhís chuí do gach leanbh, bíodh siad ina n-íospartaigh, ina gciontóirí, ina n-amhrastaigh, nó ina ndaoine den phobal.

Aithníonn an Garda Síochána an easpa muiníne atá ag an Lucht Siúil, ag na Romaigh agus ag na pobail atá ina gcónaí i limistéir faoi mhíbhuntáiste mór as seirbhísí póilíneachta agus tugann sé aghaidh ar an easpa muiníne sin ar bhealach fiúntach.

Cuirtear feabhas ar acmhainn agus inniúlacht an Aonaid Frith-Éillithe ionas go sainaithneofar pearsana an Gharda Síochána a úsáideann a bpost agus/nó a gcumhachtaí go míchuí agus go bhfreagrófar dóibh ar bhealach tapa cuí.

# Acmhainní Túslíne a Chumasú

I gcomhthéacs an chéad dá Thosaíocht, breithnítear sa tríú Tosaíocht na cumasóirí inmheánacha agus na feabhsuithe seirbhíse a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu chun soláthar seirbhísí póilíneachta a éascú.

## Acmhainní Túslíne a Chumasú

**Príomhréimse:** **Córais**

*Cén Chuma a Bheidh ar Rath?*

Maidir leis an athbhreithniú atá le déanamh sa bhliain 2026 ar an tSamhail Oibriúcháin:

- Tá sé neamhspleách,
- Tá aiseolas ó chomhaltaí túslíne agus ón bpobal ar áireamh ann,
- Tá sé dírithe ar chomhsheasmhacht agus ar sheachadadh seirbhíse éifeachtach, agus
- Cinntítear leis ailíniú leis an tsamhail Sábháilteachta Pobail.

Déantar próisis deartha beartais a nuashonrú, agus ionchur cuimsitheach chearta an duine i ngach beartas nua ann. Tá athbhreithnithe beartais ionsuite agus tá cumarsáid inmheánach fheabhsaithe ann do phearsana maidir le nuashonruithe beartais.

Foilsítear tacar gealltanas ina leagtar amach na coimircí a úsáidfidh an Garda Síochána agus teicneolaíocht nua agus teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn á dtabhairt isteach agus á n-úsáid aige, chun a chinntiú go dtacófar leis an bpóilíneacht agus go gcosnófar daoine aonair, pobail agus a gcearta.

**Príomhréimse:** **Daoine**

*Cén Chuma a Bheidh ar Rath?*

Déantar sainaithint agus cur chun feidhme ar phlean straitéiseach fórsa saothair ina sainaithnítear réimsí le haghaidh leithdháileadh tosaíochta phearsana an Gharda Síochána.

Acmhainn eagraíochtúil fheabhsaithe ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta i bpríomhréimsí amhail airgeadas, imscrúdú calaoise, cibearanailís, agus cearta dlí/cearta an duine, trí shainbhaill foirne a earcú.

Tugtar isteach córas acmhainní daonna agus faisnéise airgeadais atá ailínithe, nua-aimseartha agus oiriúnach don fheidhm chun a chur ar chumas na heagraíochta a dhéanamh amach cé na hacmhainní atá aici agus cá háit is fearr ar féidir iad a úsáid chun seirbhísí a sholáthar.

**Príomhréimse:** **Tacú leis an bhFórsa Saothair**

***Cén Chuma a Bheidh ar Rath?***

Tá straitéis a bhfuil tús áite tugtha di i bhfeidhm chun oiliúint agus forbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar do phearsana uile an Gharda Síochána. Tá díriú ag an straitéis sin ar mhodhanna éifeachtacha soláthair oiliúna do phearsana agus ar aghaidh a thabhairt ar bhearnaí iontu seo a leanas: oiliúint do bhaill foirne an Gharda Síochána (lena n-áirítear ionduchtú); oiliúint tiománaithe; agus freagairt don mheabhairshláinte.

Fágann acmhainn mhéadaithe Stiúrthóireacht Sláinte agus Folláine Ceirde an Gharda Síochána go soláthraítear bonneagar agus seirbhís sláinte agus folláine atá rioscabhunaithe agus cuí, lena dtacaítear le fórsa saothair an Gharda Síochána agus lena dtugtar aghaidh ar ardrátaí neamhláithreachta.

Cuirtear nósanna imeachta inmheánacha araíonachta i gcrích ar bhealach cothrom tráthúil.

Tá struchtúir bainistíochta feidhmíochta agus forbartha i bhfeidhm do gach ball den fhórsa saothair chun maoirseacht thacúil a chumasú maidir le forbairt, oiliúint agus leas na gcomhaltaí/na mball foirne.

# Príomhthéarmaí

Tá roinnt príomhthéarmaí atá ar áireamh sa doiciméad seo leagtha amach thíos, agus mínithe gearra ag gabháil leo. I gcás gurb indéanta, tugadh naisc chuig tuilleadh faisnéise nó chuig príomhghníomhaireachtaí.

**An tAonad Frith-Éillithe:** Aonad inmheánach de chuid an Gharda Síochána atá freagrach as éilliú agus/nó éagóiritheoireacht ag pearsana an Gharda Síochána a chosc, a shainaithint agus a imscrúdú.

**Samhail Barnahus:** Freagairt atá leanbhlárnach agus a thacaíonn le leanaí i gcásanna inar féidir gur fhulaing leanaí agus daoine óga mí-úsáid ghnéasach. Leis an tsamhail, tugtar seirbhísí sláinte, seirbhísí liachta, seirbhísí cosanta leanaí, seirbhísí teiripeacha agus seirbhísí póilíneachta le chéile chun a chinntiú go mbeidh freagairtí tráthúla cuí ann i gcásanna den sórt sin.

**Glaonna seirbhíse:** Tacaíocht ó na póilíní a bheith á hiarraidh ag daoine aonair nó ag pobail.

**Plean Leanaí:** Cur chuige straitéiseach tiomnaithe i leith conas a idirghníomhaíonn an Garda Síochána le cásanna a bhaineann le leanaí agus le daoine óga agus conas a fhreagraíonn an Garda Síochána do na cásanna sin.

**Sábháilteacht Pobail:** Is é atá i gceist le samhail nua sábháilteachta pobail na hÉireann ná an Garda Síochána, Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit, eagraíochtaí pobail agus an pobal a bheith ag obair le chéile agus an aidhm chomhchoiteann acu pobail a dhéanamh níos sábháilte.

**Sábháilteacht Pobail – Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla:** Comhlacht arna bhunú i ngach limistéar údaráis áitiúil atá freagrach as saincheisteanna sábháilteachta pobail a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu. I measc na gcomhaltaí tá comhairleoirí áitiúla, an Garda Síochána, ionadaithe pobail, ionadaithe gnó agus oideachais, agus gníomhaireachtaí reachtúla éagsúla amhail Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), Tusla, agus gach údarás áitiúil.

**Sábháilteacht Pobail – Grúpa Stiúrtha agus an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail:** Is é atá sa Ghrúpa Stiúrtha ná comhlacht atá comhdhéanta d'ionadaithe sinsearacha ó phríomhranna Rialtais, ón nGarda Síochána, agus ó ghníomhaireachtaí eile agus atá freagrach as an gcur chuige straitéiseach i leith sábháilteacht pobail a shocrú agus as faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chur chuige sin. Faigheann siad tacaíocht ón Oifig Náisiúnta lánaimseartha, a ullmhóidh an straitéis náisiúnta, a chomhordóidh na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla agus a thacóidh leo, agus a chuirfidh sábháilteacht pobail chun cinn.

**Imeaglú a bhaineann le drugaí:** Nuair a líomhnaíonn coirpigh go bhfuil airgead ag dul dóibh ó dhuine aonair mar gheall ar fhiach drugaí agus a úsáideann siad bagairtí, foréigean, agus damáiste do mhaoin, etc., chun iad a imeaglú chun an t-airgead sin a íoc.

**Foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe:** Coireanna éagsúla, lena n-áirítear foréigean baile (rud ar féidir leis mí-úsáid fhisiciúil, shíceolaíoch, mhothúchánach agus airgeadais agus foréigean gnéasach a áireamh), éigniú agus ionsaí gnéasach, striapachas agus gáinneáil, ciorrú baill ghiniúna ban, pósadh éigeantais, ciapadh gnéasach, stalcaireacht agus gníomhartha gaolmhara, ginmhilleadh éigeantais agus steiriliú éigeantais mar aon le cineálacha nua agus éiritheacha foréigin baile, ghnéasaigh agus inscnebhunaithe, e.g., cibearfhoréigean.

**Cumasóirí:** Na príomhfheidhmeanna inmheánacha acmhainní daonna, airgeadais, oiliúna, agus teicneolaíochta, etc., atá riachtanach chun a chinntiú go gcuirfidh an Garda Síochána a chuid acmhainní sna háiteanna ina bhfuil siad ag teastáil agus go ndéanfar dea-bhainistiú orthu.

**Stiúrthóireacht Sláinte agus Folláine Ceirde an Gharda Síochána:** An tseirbhís inmheánach laistigh den Gharda Síochána a sholáthraíonn tacaíocht liachta agus folláine do phearsana.

**Pearsana an Gharda Síochána:** Daoine aonair a oibríonn sa Gharda Síochána mar chomhaltaí den Gharda Síochána, mar bhaill foirne den Gharda Síochána, nó mar chomhaltaí de Chúltaca an Gharda Síochána.

**Cúltaca an Gharda Síochána:** Comhaltaí deonacha oilte den Gharda Síochána atá sannta faoi láthair do chaidreamh leis an bpobal, d’imeachtaí poiblí, agus do dhualgais chosúla.

**Baill foirne an Gharda Síochána:** Baill foirne riaracháin nó sainbhaill foirne a chuireann scileanna, eolas agus saineolas ar fáil i réimsí amhail an dlí, anailís sonraí, cibearshlándáil/imscrúdú, airgeadas, agus acmhainní daonna, etc.

**Dualgais neamhlárnacha:** Gníomhaíochtaí a dhéanann an Garda Síochána agus a phearsana nach n-éilítear cumhachtaí póilíneachta faoi mhionn ina leith agus, dá bhrí sin, a bhféadfaidh gníomhaireachtaí eile iad a dhéanamh go cuí.

**Samhail Oibriúcháin:** Struchtúr eagrúcháin an Gharda Síochána ina leagtar amach ceithre Réigiún an Gharda Síochána, 21 Rannán an Gharda Síochána, agus na sainfheidhmeanna laistigh díobh sin agus ar an leibhéal náisiúnta.

**Aonaid Rialta:** An bonn-aonad de chuid an Gharda Síochána, áit a dtugann aonaid atá comhdhéanta de chomhaltaí faoi dhualgais lena n-áirítear patróil, freagairt do ghlaonna, dualgais tráchta ar bhóithre, agus imscrúdú na coireachta, etc.

**Sainfheidhmeanna:** Aonaid nó biúrónna laistigh den Gharda Síochána a bhfuil sainfheidhmeanna acu agus a bhfuil sainfhreagrachtaí orthu, agus a fhaigheann tacaíocht ina lán cásanna ó theicneolaíocht fheabhsaithe, ó bhaill foirne atá oilte go sonrach, nó óna leithéid, e.g., aonaid drugaí, Aonaid Seirbhísí Cosanta Rannáin (a dhéileálann le cásanna tromchúiseacha foréigin baile, ghnéasaigh agus inscnebhunaithe) agus Biúró Náisiúnta Cibearchoireachta an Gharda Síochána, etc.

**Pleanáil straitéiseach fórsa saothair:** Straitéis ina leagtar amach riachtanais acmhainní daonna an Gharda Síochána do na blianta atá amach romhainn, lena n-áirítear na scileanna agus an saineolas a theastaíonn chun freagairt do thimpeallachtaí coireachta agus teicneolaíocha a bhíonn ag athrú, agus ina leagtar amach plean chun a chinntiú gur féidir leo comhaltaí agus baill foirne a earcú, a oiliúint agus a choinneáil chun freastal ar na riachtanais sin.

PCSA